Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Iúil 2023
(OR. en)

10845/23

LIMITE

POLCOM 131
WTO 89
AGRI 344
UD 141
UK 135

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0183 (NLE)

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta aontaithe as an Aontas Eorpach |

PUBLIC

COMHAONTÚ
I bhFOIRM MALARTÚ LITREACHA
IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS DAON-PHOBLACHT NA SÍNE
DE BHUN AIRTEAGAL XXVIII
DEN CHOMHAONTÚ GINEARÁLTA 1994 UM THARAIFÍ AGUS TRÁDÁIL (GATT)
A BHAINEANN LE MODHNÚ NA LAMHÁLTAS
AR NA CUÓTAÍ RÁTAÍ TARAIFE UILE A ÁIRÍTEAR I SCEIDEAL CLXXV
AN AONTAIS DE THORADH THARRAINGT SIAR NA RÍOCHTA AONTAITHE
AS AN AONTAS EORPACH

A. Litir ón Aontas Eorpach

A dhuine uasail,

Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don chaibidlíocht agus don chomhairliúchán a tharla idir an tAontas Eorpach ('an tAontas') agus Daon-Phoblacht na Síne ('an tSín') i gcomhréir le hAirteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife a áirítear i Sceideal Taraife CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2.

Mar thoradh ar an gcaibidlíocht sin, comhaontaíonn an tSín agus an tAontas an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích ar an mbonn seo a leanas:

1. Gan dochar don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994 agus chun críocha tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus chun na gcríoch sin amháin, aontaíonn an tSín leis an bprionsabal agus leis an modheolaíocht maidir leis na gealltanais chainníochtúla sceidealaithe a chionroinnt i bhfoirm cuótaí ráta taraife an Aontais lenar áiríodh an Ríocht Aontaithe ann sa chás go nglacann an tAontas an chainníocht chionroinnte nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh, agus go nglacann an Ríocht Aontaithe an chuid eile den chainníocht.

2. Maidir leis na cuótaí ráta taraife a bhfuil cearta caibidlíochta nó cearta comhairliúcháin ag an tSín ina leith faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994, aontaíonn an tSín leis na gealltanais atá beartaithe maidir le cainníocht na gcuótaí ráta taraife agus tá sí sásta leo, mar a leagtar amach iad i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2 arna nglacadh ag an Aontas tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe, faoi réir mhír 3.

PUBLIC

3. D'ainneoin mhír 2, i ndáil leis na cuótaí rátaí taraife a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Litir seo, aontaíonn an tSín agus an tAontas leis na hathruithe ar na gealltanais sceidealaithe mar a leagtar amach inti.

4. Ní dhéanann na socruithe seo dochar do chaibidlíocht ná do chomhairliúcháin idir an tAontas agus Comhaltaí eile EDT a bhfuil cearta caibidlíochta nó cearta comhairliúcháin acu faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994, mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT é. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht agus ar na comhairliúcháin sin, féadfaidh an tAontas breithniú a dhéanamh ar athrú ar na sciartha agus ar na cainníochtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Litir seo nó ar na sciartha agus ar na cainníochtaí atá i ndoiciméad G/SECRET/42/Add.2. I gcás athrú den sórt sin maidir le réamhghealltanas cuótaí ráta taraife de chuid an Aontais a bhfuil ceart caibidlíochta nó ceart comhairliúcháin ag an tSín ina leith, rachaidh an tAontas i gcomhairle leis an tSín d'fhonn toradh a bheidh chun sástacht a chéile a lorg sula rachfar ar aghaidh le haon athrú den sórt sin, gan dochar do chearta gach páirtí faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994.

Tabharfaidh an tAontas agus an tSín fógra dá chéile faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha i ndáil le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. I gcás an Aontais, seolfar an fógra i scríbhinn chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra dheireanaigh.

PUBLIC

Tá sé d'onóir agam a mholadh gurb ionann an Litir seo agus deimhniú do Rialtais i dteannta a chéile agus Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne, lena n-áirítear chun críocha Airteagal XXVIII:3(a) agus (b) de GATT 1994. Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs.

A dhuine uasail, glac, le do thoil, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

*Thar ceann an Aontais Eorpaigh*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

Cuótaí Ráta Taraife an Aontais Eorpaigh nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh.

| Sraithuimhir cuóta ráta taraife | Tuairisc | Aonad | Téarmaí agus coinníollacha eile | Lamháltas le haghaidh an Aontais nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh |
|---|---|---|---|---|
| 046 | Gairleog | tonaí | an tSín | 38 098 |
| 047 | Cairéid agus tornapaí, iad úr nó fuaraithe | tonaí | *Erga omnes* | 1 244 |
| 051 | Oinniúin thriomaithe | tonaí | *Erga omnes* | 9 770 |
| 074 | Rís gan scilligeadh | tonaí | *Erga omnes* | 7 |
| 080 | Rís bhriste | tonaí | *Erga omnes* | 28 360 |
| 096 | Feoil phróiseáilte ó lachain, géanna agus éanlaith ghuine, cócaráilte, ina bhfuil níos lú ná 25 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain | tonaí | Eile | 33 |
| 110 | Súnna torthaí | tonaí | *Erga omnes* | 6 551 |
| 112 | Ullmhóidí bia | tonaí | *Erga omnes* | 783 |

PUBLIC

| Sraithuimhir cuóta ráta taraife | Tuairisc | Aonad | Téarmaí agus coinníollacha eile | Lamháltas le haghaidh an Aontais nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh |
|---|---|---|---|---|
| 122 | Ullmhóidí eile den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe: nach bhfuil aon táirgí bainne ann nó ar lú ná 10 % na táirgí den sórt sin atá ann de réir meáchain | tonaí | *Erga omnes* | 2 700 |
| 013 | Sraithadhmad de speicis bhuaircíneacha, gan substaintí eile a chur leis: - nach bhfuil a sraitheanna ullmhaithe níos mó ná an próiseas scafa, ar mó an tiús atá iontu ná 8,5 mm, nó - greanáilte, ar mó an tiús atá iontu ná 18,5 mm | m ciúbach | *Erga omnes* | 448 500 |

PUBLIC

B. Litir ó Dhaon-Phoblacht na Síne

A dhuine uasail,

Tá sé d'onóir agam a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir dar dáta an lae inniu, atá mar a leanas:

'Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don chaibidlíocht agus don chomhairliúchán a tharla idir an tAontas Eorpach ('an tAontas') agus Daon-Phoblacht na Síne ('an tSín') i gcomhréir le hAirteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife a áirítear i Sceideal Taraife CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2.

Mar thoradh ar an gcaibidlíocht sin, comhaontaíonn an tSín agus an tAontas an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích ar an mbonn seo a leanas:

1. Gan dochar don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994 agus chun críocha tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus chun na gcríoch sin amháin, aontaíonn an tSín leis an bprionsabal agus leis an modheolaíocht maidir leis na gealltanais chainníochtúla sceidealaithe a chionroinnt i bhfoirm cuótaí ráta taraife an Aontais lenar áiríodh an Ríocht Aontaithe ann sa chás go nglacann an tAontas an chainníocht chionroinnte nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh, agus go nglacann an Ríocht Aontaithe an chuid eile den chainníocht.

2. Maidir leis na cuótaí ráta taraife a bhfuil cearta caibidlíochta nó cearta comhairliúcháin ag an tSín ina leith faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994, aontaíonn an tSín leis na gealltanais atá beartaithe maidir le cainníocht na gcuótaí ráta taraife agus tá sí sásta leo, mar a leagtar amach iad i nDoiciméad G/SECRET/42/Add.2 arna nglacadh ag an Aontas tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe, faoi réir mhír 3.

3. D'ainneoin mhír 2, i ndáil leis na cuótaí rátaí taraife a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Litir seo, aontaíonn an tSín agus an tAontas leis na hathruithe ar na gealltanais sceidealaithe mar a leagtar amach inti.

4. Ní dhéanann na socruithe seo dochar do chaibidlíocht ná do chomhairliúcháin idir an tAontas agus Comhaltaí eile EDT a bhfuil cearta caibidlíochta nó cearta comhairliúcháin acu faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994, mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas mar a cuireadh in iúl do Chomhaltaí EDT é. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht agus ar na comhairliúcháin sin, féadfaidh an tAontas breithniú a dhéanamh ar athrú ar na sciartha agus ar na cainníochtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Litir seo nó ar na sciartha agus ar na cainníochtaí atá i ndoiciméad G/SECRET/42/Add.2. I gcás athrú den sórt sin maidir le réamhghealltanas cuótaí ráta taraife de chuid an Aontais a bhfuil ceart caibidlíochta nó ceart comhairliúcháin ag an tSín ina leith, rachaidh an tAontas i gcomhairle leis an tSín d'fhonn toradh a bheidh chun sástacht a chéile a lorg sula rachfar ar aghaidh le haon athrú den sórt sin, gan dochar do chearta gach páirtí faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994.

Tabharfaidh an tAontas agus an tSín fógra dá chéile faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha i ndáil le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. I gcás an Aontais, seolfar an fógra i scríbhinn chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra dheireanaigh.

Tá sé d'onóir agam a mholadh gurb ionann an Litir seo agus deimhniú do Rialtais i dteannta a chéile agus Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne, lena n-áirítear chun críocha Airteagal XXVIII:3(a) agus (b) de GATT 1994. Tiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ar dháta an fhógra is déanaí. Tiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ar dháta an fhógra is déanaí. Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs.'

Tá sé d'onóir agam leis seo comhaontú mo Rialtais leis an litir thuas a chur in iúl.

*Thar ceann Dhaon-Phoblacht na Síne*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

PUBLIC

Cuótaí Ráta Taraife an Aontais Eorpaigh nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh.

| Sraithuimhir cuóta ráta taraife | Tuairisc | Aonad | Téarmaí agus coinníollacha eile | Lamháltas le haghaidh an Aontais nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh |
|---|---|---|---|---|
| 046 | Gairleog | tonaí | an tSín | 38 098 |
| 047 | Cairéid agus tornapaí, iad úr nó fuaraithe | tonaí | *Erga omnes* | 1 244 |
| 051 | Oinniúin thriomaithe | tonaí | *Erga omnes* | 9 770 |
| 074 | Rís gan scilligeadh | tonaí | *Erga omnes* | 7 |
| 080 | Rís bhriste | tonaí | *Erga omnes* | 28 360 |
| 096 | Feoil phróiseáilte ó lachain, géanna agus éanlaith ghuine, cócaráilte, ina bhfuil níos lú ná 25 % d'éineoil nó de scairteach de réir meáchain | tonaí | Eile | 33 |
| 110 | Súnna torthaí | tonaí | *Erga omnes* | 6 551 |
| 112 | Ullmhóidí bia | tonaí | *Erga omnes* | 783 |

| Sraithuimhir cuóta ráta taraife | Tuairisc | Aonad | Téarmaí agus coinníollacha eile | Lamháltas le haghaidh an Aontais nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh |
|---|---|---|---|---|
| 122 | Ullmhóidí eile den chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe: nach bhfuil aon táirgí bainne ann nó ar lú ná 10 % na táirgí den sórt sin atá ann de réir meáchain | tonaí | *Erga omnes* | 2 700 |
| 013 | Sraithadhmad de speicis bhuaircíneacha, gan substaintí eile a chur leis: - nach bhfuil a sraitheanna ullmhaithe níos mó ná an próiseas scafa, ar mó an tiús atá iontu ná 8,5 mm, nó - greanáilte, ar mó an tiús atá iontu ná 18,5 mm | m ciúbach | *Erga omnes* | 448 500 |

PUBLIC